

# SEANAD ÉIREANN

## Fógra Tairisceana Ionaid:

Go ndéanann Seanad Éireann:

a cheadú go ndéanfar Tionól Saoránach a ghairm chun breithniú a dhéanamh ar an ní seo a leanas, agus chun cibé moltaí a dhéanamh is cuí leis agus chun tuairisciú do Thithe an Oireachtais:

- chun comhionannas inscne a chur chun cinn trí mholtaí a thabhairt ar aghaidh:
  - lena gcuirtear i gcoinne na mbacainní agus na norm agus na ndearcthaí sóisialta atá fós ann agus a éascaíonn idirdhealú bunaithe ar ghnéas in aghaidh cailíní agus buachaillí, ban agus fear;
  - lena n-aithnítear agus lena ndíchoimeáiltear noirm eacnamaíochta agus thuarastail a mbíonn éagothromaíochtaí inscne de thoradh orthu, agus lena n-athmheasúnaítear an luach eacnamaíochta a chuirtear ar obair arna déanamh go traidisiúnta ag mná;
  - lena bhféachtar, go háirithe, le rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach na mban, agus comhdheiseanna ceannaireachta dóibh, a chinntiú ar gach leibhéal cinnteoireachta san áit oibre, sa pholaitíocht agus sa saol poiblí;
  - lena dtugtar aitheantas don

## Substitute Notice of Motion:

That Seanad Éireann:

approves the calling of a Citizens' Assembly to consider the following matter and to make such recommendations as it sees fit and report to the Houses of the Oireachtas:

- to advance gender equality by bringing forward proposals that:
  - challenge the remaining barriers and social norms and attitudes that facilitate gender discrimination towards girls and boys, women and men;
  - identify and dismantle economic and salary norms that result in gender inequalities, and reassess the economic value placed on work traditionally held by women;
  - in particular, seek to ensure women's full and effective participation and equal opportunities for leadership at all levels of decision-making in the workplace, politics and public life;
  - recognise the importance of early

tábhacht a bhaineann le cúram tuismitheora sna luathbhlianta agus lena ndéantar iarracht cóimheá oibre agus saoil níos fearr a éascú;

- lena scrúdaítear an fhreagracht shóisialta maidir le cúram, agus comhfhreagracht na mban agus na bhfear as cúram, go háirithe laistigh den teaghlach; agus
- lena ngrinnscrúdaítear na héagothromaíochtaí struchtúracha pá a mbíonn de thoradh orthu go mbíonn ionadaíocht dhíríreach ag mná in earnálacha pá ísil;

ag éirí as an méid sin thuas, chun tosaíocht a thabhairt do na moltaí, a bhféadfaidh athrú beartais, reachtaíochta nó bunreacht a bheith ar áireamh iontu, ag féachaint do na ceanglais dhlíthiúla agus do na costais i gcomparáid leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu; agus

a thabhairt dá haire:

- gur 100 duine a bheidh i gcomhaltas an Tionóil, mar seo a leanas:
  - Cathaoirleach a bheidh le ceapadh ag an Rialtas;
  - 99 saoránach atá i dteideal vótáil i reifreann, arna n-earcú ag an leibhéal náisiúnta agus arna roghnú go hamasach de réir an chleachtais earcaíochta is fearr, i gcomhréir le comhairle ó shaineolaithe tionscail, sa chaoi go mbeidh siad ionadaíoch, ar an mórchoir, do shochaí na hÉireann; agus
  - ní bheidh rannpháirtíocht polaiteoirí ar áireamh i gcomhaltas an Tionóil;
- gurb é sé mhí fad uasta na seirbhíse do chomhaltaí an Tionóil, ach amháin an Cathaoirleach a cheapfar ar feadh

years parental care and seek to facilitate greater work-life balance;

- examine the social responsibility of care and women and men's co-responsibility for care, especially within the family; and
- scrutinise the structural pay inequalities that result in women being disproportionately represented in low pay sectors;

following on from the above, to prioritise the proposals, which may include policy, legislative or constitutional change, having regard to the legal requirements and the costs versus the potential impact; and

notes that:

- membership of the Assembly will consist of 100 persons as follows:
  - a Chairperson to be appointed by the Government;
  - 99 citizens entitled to vote at a referendum, recruited at national level and randomly selected in accordance with best recruitment practice, as advised by industry experts so as to be broadly representative of Irish society; and
- membership of the Assembly will not include participation by politicians;
- the maximum length of service for Assembly members other than the Chairperson who will be appointed for a

téarma 12 mhí, agus go bhforbrófar clár oibre an Tionóil dá réir; má thagann imthosca gan choinne chun cinn, áfach, féadfar leanúint leis an gcomhaltas go dtí go gcríochnófar breithniú gníomhach ar ábhar;

- go bhfaighidh comhaltaí stipinn ainmniúil in aghaidh an deireadh seachtaine do gach cruinniú a bhfreastalaíonn siad air d'fhonn aitheantas a thabhairt dá dtiomantas sibhialta;
- go bhféadfar ionadaithe a cheapadh faoi réir na gcritéar roghnóireachta thuas, agus go mbeidh na hionadaithe sin in ann páirt a ghlacadh sna himeachtaí agus vótáil faoina n-ainm féin;
- go gcomhaontóidh an Tionól a rialacha nóis imeachta féin d'fhonn a ghnó a sheoladh go héifeachtach ar an modh is tíosaí is féidir;
- go bhfeidhmeoidh an Tionól ar shlí a bheidh follasach agus trédhearcach, lena n-áirítear trí imeachtaí poiblí a bheoshruthú agus trí dhoiciméadacht agus ábhar iomchuí a fhoilsiú go pras;
- go dtabharfaidh an Tionól tuarascáil agus moladh (moltaí) do Thithe an Oireachtais faoin ní atá leagtha amach thuas agus, ar an méid sin a fháil, go dtarchuirfidh Tithe an Oireachtais an tuarascáil chuig Coiste iomchuí den dá Theach lena breithniú, ar Coiste é a dhéanfaidh a chuid tátal a chur faoi bhráid na dTithe chun díospóireacht a dhéanamh orthu;
- go gcaithfidh an Tionól dhá chruinniú ar a laghad ag déanamh breithniú ar an ábhar a bheidh sannta dó agus go dtabharfaidh sé tuarascáil, in aon chás, tráth nach déanaí ná aon bhliain amháin ó dháta an chéad chruinnithe den Tionól;

12 month term, will be six months and the work programme for the Assembly will be developed in accordance with this, however, in the event of unforeseen circumstances, membership may continue until active consideration of a topic has been completed;

- members will receive a nominal stipend on a per weekend basis for each meeting attended, to recognise their civic commitment;
- substitutes may be appointed subject to the selection criteria above, who will be entitled to contribute to the proceedings and vote in their own name;
- the Assembly will agree its own rules of procedure for the effective conduct of its business in as economical a manner as possible;
- the Assembly will operate in an open and transparent manner, including live streaming of public proceedings and the prompt publication of relevant documentation and material;
- the Assembly will make a report and recommendation(s) on the matter set out above to the Houses of the Oireachtas, which on receipt, will refer the report for consideration to a relevant Committee of both Houses and the Committee will, in turn, bring its conclusions to the Houses for debate;
- the Assembly will spend a minimum of two meetings considering the topic assigned to it and will report in any event not later than one year from the date of the first Assembly meeting;

- go bhféadfar a iarraidh ar an Tionól freisin cibé nithe eile a bhreithniú a d'fhéadfadh Tithe an Oireachtais a tharchur chuige;
- go mbunófar Gasra Comhairleach Saineolaithe nua don ábhar a bheidh á bhreithniú chun cabhrú le hobair an Tionóil ó thaobh faisnéis agus comhairle a ullmhú;
- go bhféadfaidh an Tionól aighneachtaí a iarraidh ón bpobal i gcoitinne agus ó chomhlachtaí leasmhara agus glacadh leis na haighneachtaí sin, agus go lorgóidh sé cibé comhairle shaineolaíoch is dóigh leis is inmhianaithe;
- go ndéanfaidh an Tionól plé le taighdeoirí neamhspleácha chun faireachán agus taifead a dhéanamh ar an gcáilíocht mhachnamhach a bhraitear a bheith i gceist leis an Tionól, i measc nithe eile;
- go ndéanfar gach ní a bheidh faoi bhráid an Tionóil a chinneadh de réir thromlach na vótaí a chaithfidh na comhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh, seachas an Cathaoirleach a mbeidh vóta cinniúna aige nó aici i gcás comhionannas vótaí; agus
- go dtabharfaidh an Rialtas freagra i dTithe an Oireachtais ar gach moladh a dhéanfaidh an Tionól agus, má ghlacann sé le cuid de na moltaí nó leis na moltaí ar fad, go gcuirfidh sé in iúl an creat ama atá beartaithe aige chun aon reifreann gaolmhar a sheoladh.
- the Assembly may also be asked to consider such other matters as may be referred to it by the Houses of the Oireachtas;
- a new Expert Advisory Group will be established for the topic being considered to assist the work of the Assembly in terms of preparing information and advice;
- the Assembly may invite and accept submissions from the general public and interested bodies and will seek such expert advice as it considers desirable;
- the Assembly will engage independent researchers to monitor and record, amongst other things, the perceived deliberative quality of the Assembly;
- all matters before the Assembly will be determined by a majority of the votes of members present and voting, other than the Chairperson who will have a casting vote in the case of an equality of votes; and
- the Government will provide in the Houses of the Oireachtas a response to each recommendation of the Assembly and, if accepting some or all of the recommendations, will indicate the timeframe it envisages for the holding of any related referendum.”